



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

PÁIPÉAR I

(220 marc)

DÉARDAOIN, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.)

Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt.

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

A – GIOTA LEANÚNACH – (60 MARC)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo:

- (i) Oíche Shathairn an oíche is fearr liom.
- (ii) An fhadhb is mó in Éirinn inniu.
- (iii) An saol a bhíonn ag réaltaí ceoil.

B – SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

- (i) Nuair a shroich mé mo theach bhí doras an tí lánoscailte. Baineadh geit asam. ...

nó

- (ii) Is cuimhin liom go maith an lá iontach sin. Bhuaigh Daid duais mhór airgid sa Chrannchur Náisiúnta. ...

C – LITIR – (60 marc)

- (i) Cheannaigh tú ceamara ar an idirlíon le déanaí ach bhí sé briste nuair a fuair tú é. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá go dtí an duine a dhíol an ceamara leat.

nó

- (ii) Bhí tú ar turas go scoil sa Fhrainc cúpla seachtain ó shin. D’fhan tú i dteach dalta ón scoil sin. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá go dtí an teaghlach sa Fhrainc nuair a tháinig tú abhaile.

D – COMHRÁ – (60 marc)

- (i) Chaill tú do phost samhraidh in ollmhargadh. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do mháthair nuair a d’fhill tú abhaile.

nó

- (ii) Tá tú ag fágáil na scoile tar éis na hArdeistiméireachta. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat leis an bPríomhoide nó le múinteoir sa scoil.

Freagair **A** agus **B** anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

SPÉIRBHEAN EILE ÓN IARTHAR ÓRGA

- Rugadh agus tógadh Aoife Ní Thuairisc in Indreabhán cúpla míle siar ón Spidéal. Fuair sí a cuid scolaíochta go háitiúil i Scoil Shailearna agus i gColáiste Cholm Cille, áit a ndearna sí an Ardteistiméireacht. Chuir sé iontas ar a muintir nár chuir sí isteach ar aon chúrsa coláiste ar chor ar bith. Rinne sí cúrsa ríomhaireachta agus cúrsa teilifíse, ach le fírinne, ní raibh tuairim ar bith aici céard a bhí sí ag iarraidh a dhéanamh.
- An chéad rud a rinne sí tar éis na scoile ná gnó beag a thosú. Chuaigh sí thart ó áit go háit ag díol milseán le comhlachtaí nach raibh siopa in aice leo. Tharla go raibh láthair TG4 trasna an bhóthair óna teach féin. Ní raibh an stáisiún ar an aer go fóill ach bhí na fir oibre agus na bainisteoirí ann agus bhuaíl sí isteach chucu go minic. Theip ar a gnó tar éis bliana. Ach bhí toradh maith amháin air – bhí sí tar éis aithne a chur ar bhainisteoirí TG4. Thaitin siad go mór léi agus ba bhreá léi a bheith ag obair leo.
- Thosaigh na bainisteoirí in TG4 ag iarraidh uirthi cúrsa traenála a dhéanamh don teilifís ach níor éist sí leo. Níor chreid sí go dtiocfadh an teilifís ar an aer go deo mar bhí go leor deacrachtaí le sárú acu. Ar Oíche Shamhna 1996 áfach, thosaigh an teilifís ag craoladh. Tugadh cuireadh eile di triail scáileáin a dhéanamh. Fuair sí post páirtaimsire sa stáisiún i dtosach ach níorbh fhada gur tairgeadh post lánaimseartha di. Tuigean sí go raibh an t-ádh dearg uirthi an post sin a fháil. Bíonn an-éileamh anois ar phoist mar láithreoirí aon uair a fhógraíonn TG4 folúntas sa stáisiún. Ní raibh TG4 (nó Teilifís na Gaeilge mar a bhí uirthi ag an am) ábalta láithreoirí a fháil an t-am sin. Daoine a bhí ag múineadh nó ag obair trí mheán na Gaeilge, ní raibh siad sásta a bpost a thabhairt suas, agus dul ag obair le seirbhís nua a bhí fós lag go leor agus faoi ionsaí ag polaiteoirí áirithe. A mhalairt ar fad atá fíor inniu.
- Thóg sé tamall ar Aoife a ceird a fhoghlaim agus deir sí go bhfuil na daoine óga atá ag tosú sa stáisiún inniu i bhfad níos aibí ná mar a bhí sise. Le himeacht aimsire fuair sí deis trialacha scáileáin a dhéanamh do chláir eile. Ba é “Féilte” an chéad chlár a chuir sí i láthair agus thaitin an obair go mór léi. Cúpla bliain ó shin thosaigh sí ar an gclár “Paisean Faisean” a chur i láthair. Tá an lucht féachana an-tógtha leis an gclár seo agus tá TG4 an-sásta le méid an lucht féachana a fhaigheann sé.
- Teastaíonn ó TG4 na láithreoirí atá acu a fhorbairt agus tugann siad deiseanna agus tacaíocht dá gcuid láithreoirí dul amach agus jab iontach a dhéanamh de pé clár a bhíonn ar siúl acu. Thar aon rud eile is breá le hAoife an éagsúlacht a bhaineann lena cuid oibre. Bíonn sí ag obair ar chlár mar “Ní Gaeilgeoir Mé” lá amháin, ag craoladh réamhaisnéis na haimsire nó ag déanamh obair leanúnachais an chéad lá eile, agus ansin an tríú lá ag obair ar script le haghaidh “Blaisíní”.




Bunaithe ar alt ar an iris idirlín www.Beo.ie

- Luaigh **dhá** chúrsa a rinne Aoife tar éis di an Ardteistiméireacht a dhéanamh. (Alt 1) 10 marc
- Conas a d'éirigh lena gnó beag? Cén toradh maith a bhí ar an ngnó céanna? (Alt 2) 10 marc
- Cén bhliain a thosaigh TG4 ag craoladh? Cén saghas poist a fuair sí i dtosach? (Alt 3) 10 marc
- Conas atá ag éirí leis an gclár “Paisean Faisean”? Luaigh **dhá** phointe. (Alt 4) 10 marc
- Luaigh **dhá** shaghas oibre a bhíonn á dhéanamh ag Aoife in TG4. (Alt 5) 10 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

AN TÍOGAR AGUS AN GALFAIRE ÓG

- 1 Is beag duine sa tír seo nár chuala faoin ngalfaire cáiliúil Tiger Woods. Nuair a d’imir sé i gcomórtas Chorn Ryder an bhliain seo caite i gCo. Chill Dara bhí na sluaite daoine ina dhiaidh gach lá. An mbeadh na sluaite céanna ag faire ar Annika Sorenstam dá mbeadh sí ag imirt sa tír seo? Is cinnte nach mbeadh, cé gurb í an galfaire is fearr i measc na mban faoi láthair í. Suimiúil go leor tá níos mó cainte faoi láthair faoin mbean óg atá sa dara háit i measc na mban, Michelle Wie. Níl sise ach seacht mbliana déag d’aois ach cheana féin tá clú agus cáil uirthi ar fud an domhain.
- 2 Rugadh Michelle Wie i Haváí i nDeireadh Fómhair 1989. Bhí Michelle níos sine ná Tiger nuair a thosaigh sí ag imirt gailf. Tá pictiúir ann de Tiger ag bualadh liathróid ghailf agus gan é ach dhá bhliain d’aois. Bhí Wie dhá bhliain níos sine ná sin nuair a thug sí faoin geluiche den chéad uair. Bhí páirt mhór ag a n-aithreacha i saol gailf Tiger agus Wie. Ba iad a mhúin dóibh conas an cluiche a imirt agus a spreag iad chun feabhas a chur orthu féin.
- 3 Faoin am a bhí sí ocht mbliana d’aois bhí sí ag caitheamh a trí nó a ceathair d’uaireanta an chloig ar an ngalfchúrsa gach lá scoile agus a dhá oiread sin le linn an deireadh seachtaine agus le linn laethanta saoire. Nuair a bhí Michelle deich mbliana d’aois chuaigh sí timpeall galfchúrsa i 64 bhuille, rud a bheadh deacair go leor d’aon ghalfaire proifisiúnta atá ag imirt gailf inniu. Sa bhliain 2001 bhain sí curiarracht amach nuair ba í an bhean ab óige riamh í a d’imir i gcomórtas náisiúnta i Meiriceá. Níor bhuaigh sí an comórtas an bhliain sin ach bhí an bua aici sa chomórtas céanna trí bliana níos déanaí.
- 4 Sa bhliain 2005, nuair a bhí sí sé bliana déag d’aois, thosaigh Michelle ag imirt go proifisiúnta. Láithreach fuair sí breis is deich milliún dollar urraíochta ó chomhlachtaí spóirt agus teilifíse. Tá rud eile a tharla timpeall an ama sin a léiríonn nach duine santach í Michelle, áfach. Bhronn sí cúig chéad míle dollar ar na daoine bochta in New Orleans a chaill gach a raibh acu le linn Haircín Katrina.
- 5 Is buntáiste mór di mar ghalfaire proifisiúnta go bhfuil sí sé troithe ar airde. Cabhraíonn sé sin léi nuair a bhíonn sí ag bualadh na liathróide. Ní bhíonn aon fhadhb aici an liathróid a bhualadh breis is trí chéad slat. Is cinnte go mbeadh seans an-mhaith aici dul in iomaíocht leis na fir. Chruthaigh sí é sin i mBealtaine na bliana 2006 nuair a d’éirigh thar barr léi i gcomórtas na bhfear sa Chóiré Theas. Suimiúil go leor, tugadh seacht gcéad míle dollar di as imirt sa chomórtas sin cé nach raibh ach cúig chéad míle dollar ar fáil don fhear a bhuaigh an chéad duais sa chomórtas céanna. Is léir go bhfuil todhchaí órga ag an mbean óg, todhchaí a d’fhéadfadh a bheith chomh hiontach le saol gailf Tiger.



Bunaithe ar alt sa nuachtán *Foinse*

- | | | |
|----|--|---------|
| 1. | Cad a rinne Tiger Woods i gCo. Chill Dara an bhliain seo caite? (Alt 1) | 10 marc |
| 2. | Luaigh difríocht amháin agus cosúlacht amháin idir an tslí ar thosaigh Tiger Woods agus an tslí ar thosaigh Michelle Wie ag imirt gailf. (Alt 2) | 10 marc |
| 3. | Conas atá a fhios againn go raibh an-suim ag Michelle sa ghalf nuair a bhí sí óg? (Alt 3) | 10 marc |
| 4. | Cad a fuair Michelle nuair a thosaigh sí ag imirt gailf go proifisiúnta? (Alt 4) | 10 marc |
| 5. | Luaigh dhá rud a léiríonn gur galfaire an-mhaith í Michelle. (Alt 5) | 10 marc |

Leathanach Bán

Leathanach Bán